A gclú is ionnmhus d’fhine Raghnuill

[Mac Airt, Seán, *Leabhar Branach*, Dublin, 1944, poem 64]

Tomás Mac Eochadha .cc. do Thoirdhealbhach mac Fiachadha

1 A gclú is ionnmhus d’fhine Raghnuill,
rádh gach eólaigh as é súd;
gan neach ar dhaghbhlaidh riú ag righe
fiú a bhfaghbhair ón fhine úd.

2 Bronnadh séd is é as ionnmhus
d’fhine Raghnuill na ruag ttiogh;
ós iad as ceann do chrú Criomhthuin,
geall re a gclú níorbh ionchuir d’fhior.

3 Beag an dúil a ndéanamh ionnmhais,
uaisle an ní dá ttabhraid tail;
do ghabh gach aoinfhear d’fhuil Fhiachaidh
scaoileadh a chruidh d’fhiachuibh air.

4 Ní fhuil dá dhaoire acht a dhiúltadh,
díol oile nách oigheadh sé;
gi-bé file do iar éra,
níor riar fine Énna é.

5 Ar a díol (cá daoire ceannach?)
cúl ré ceird an tráth fá ttug,
fáth ag cléir fár an ó fhaghluim,
an cradh ó fhréimh Raghnuill rug.

6 Dob fhiú a n-uair ó oighri Fiachaidh
fad a aisdir nárbh fháth scís;
feirrde file má fuair éra
ar mbuain d’fhine Énna ar-ís.

7 Aithne dhó féin fáth a n-ainbhreath,
ar fhoghail cáich beirid barr;
iongnadh a ndaoire ar fhiadh fhaghladh
’s nách aoighe fian Almhan ann.

8 Fagháil bronnta nárbh fhiú a n-eólus,
ní hé nách aithnighid siad;
ní dulta dhóibh tar fréimh Raghnuill,
dóigh do chléir gan fhaghluim iad.

9 Do thuig Toirdhealbhach, tuar bladha,
bronnadh na séd gurb é a mbail;
an té as foilmhe do chrú Criomhthuin,

coimhdhe an chlú dob ionchuir air.

10 Beanfad d’oighre mheic mheic Seaáin
samhuil na mbreath bheirid siad;
leigthior an t-aoighe a leith Laighneach,
daoire lé breith ainbhreath iad.

11 Ní faighthior dóibh nách díobh táinig;
dá tteagmhadh lá ’na lá the,
folchaidh in ghrian ar fhuil Eachaidh
ar chuir fiadh do dheathaigh dhe.

12 Fagháil ceannuis cóigidh Ghailian
a ngrian troda tuillid súd;
foghail nó díon cháigh a gcliathaibh
do-cháidh don tsíol Fhiachaidh úd.

13 Fán gcuid oile d’Inis Cobhthaigh,
ar cuairt a-mháin (cá mó glas?)
d’éis a n-aghair fá fhiadh Laighean,
ní thabhair cliar aigheadh as.

14 Ar ghasraidh mheanmnaigh mheic Fiachaidh
fios a n-adhbhair a-tá ag tóir;
giodh fada a mbeirn na trí trír-si,
a bhfeidhm do-ní dísle dhóibh.

15 A Thóirdhealbhaigh na ttreas bhfuiltioch
lé bhféchthar gníomhradh groigh mbras,
a gcuire do chlú ar fhuil Fhiachaidh,
ní fhuil tú gan fhiachuibh as.

16 Dá mbeantá dhe, dob í an égcóir,
íoc san díoth nách dearna sé;
dénamh cean ní fhoil at fhaghlaidh,
mur soin nách fear adhbhair é.

17 Nach facuidh tú in tráth do mhosgail,
(ar a mheanmuin cá mó glas?)
bean t’fhaghlaidh tré fhís dot aithne?
adhnuidh grís a haighthe as.

18 A Thoirdhealbhaigh, dá ttír dhúthaigh
dul tar ais ní headh dob áil;
gi-bé cliar ar t’fhéin dob eólaigh
’na bhfiadh féin is deóraidh dáibh.

19 Lér bhean díot, a mheic *meic* Aodha
tar fhine Broin bhloghas ruaig,

níorbh í a dhóigh go mar dod mhaoinibh
an cradh do-chóidh d'aoighidh uaid.

20 Lá éigin budh adhbhar baoghuil
a breith féin nách fuighe an chliar;
ní thig sin 's a crodh ré chéile,
sibh ag dol a réidhe am riar.

21 Do roighne cruidh is cuach líneach,
dá leantaoi air dob fhiú a bhfuair;
cuirthior leibh aoighe fá adhbhar,
do-gheibh maoine t'fhaghladh uaibh.

22 A gcionn a chruidh do chuir aisdior,
nách uair díon fá dhuille crann;
do-gheibh do ghréin fá Mhagh Maoine
a chradh féin gér aoighe ann

23 D'éis a bhfuasgalta in tan trialluid,
a Thoirdhealbhaigh bheirios buaidh,
do nós deóraidh ó fhéin Almhan
ní heólaigh géill d'fhaghladh uaibh.

24 Dob fhada a gcuairt ó chrích Laighion,
laoich dhearbhtha ré ndiúltar síodh;
fáth do ghabháil tar fhiadh nEachaidh
fagháil gliadh go ndeachaidh díobh.

25 Cuirid guais ar mhac mheic Aodha
airm gliadh gion go nglacaid súd;
líon diomdhadh don dáimh 'na dheaghuidh,
cáir biodhbhadh don fheadhuin úd.

26 Go ttarla roimhe an raon dírioch
díoghruis gach iúil iarraidh sé;
fada as-teagh a ndiamhair deabhtha
do gheabh iaruidh Tealcha Thé.

27 Ré linn curadh na gcleas lúthmhar,
ciodh lór do theas a-tá a-nú,
fada go bhfuair fear a deargtha
gur gheabh uain na ceardcha clú.